

Topaic Shúgartha: Thíos Cois na Trá

Tréimhse Ama: 2 – 3 Seachtaine

Teanga ó Bhéal: (á mhúineadh i ranganna ar leith): gaineamh, farraige, uisce, trá, bád, sluasaid, buicéad, tuáille, culaith shnámha, hata gréine, uachtar gréine, portán, faocha, sliogán, crosóg mhara, feamainn, carraig, cloch.

Mata: (á mhúineadh i ranganna ar leith): Luathgníomhaíochtaí matamaiticiúla: rangú, meaitseáil, comparáid a dhéanamh, cur in ord, comhaireamh.

Ceantar Súgartha	Príomhacmhainní	Comhtháthú Curaclaim	Machnamh an Mhúinteora
Rólimirt <ul style="list-style-type: none">Le noda agus cabhair ón múinteoirÓ shamhlaíocht na bpáistí	Bráillín buí, bráillín gorm, blaincéad picnic, sluasaid, buicéid, uachtar gréine, spéaclaí gréine, hata gréine, bothán an gharda choirp, clár toinne (bréagach, déanta as cairtchlár)	Teanga ó bhéal: Beidh an foclóir thuasluaite in úsáid ag na páistí agus iad ag aisteoireacht. Léitheoireacht: Topaic bunaithe ar an leabhar Thíos Cois na Trá. Scríbhneoireacht: Saorscríbhneoireacht; ag déanamh comharthaí agus lipéidí. Mata: Le fíor-rudaí, beidh na páistí ag rangú agus ag meaitseáil, ag cur i gcomparáid, ag cur in ord agus ag comhaireamh.	
Domhan Beag <ul style="list-style-type: none">Le noda agus cabhair ón múinteoirÓ shamhlaíocht na bpáistí	Deilbhíní, Lego, páipéar síprise gorm, páipéar síprise buí, fíor-rudaí m. sh. clocha, feamainn, líon, sliogáin	Stair: Beidh na páistí ag taispeáint pictiúir i líne scéalaíochta agus na himeachtaí á léiriú in ord seichimh -- scéalta ag léiriú scéalta trí obair ealaíne, dhrámaíocht, mhím agus cheol, ag plé le cróineolaíocht imeachtaí (an tús, an lár, an deireadh)	
Súgradh Gainimh agus Uisce <ul style="list-style-type: none">Rudaí ceilte sa ghainimhCaisleán ghaineamh a thógáil	Clais ghainimh nó bosca mór gainimh le sliogáin, feamainn, clocha, líonta, cleite i bhfolach ann. Caithfidh na páistí rudaí a aithint agus a ainmniú ar a mhothú. Déanann na páistí caisleán gainimh.	Tíreolaíocht: Beidh na páistí ag plé saghsanna éagsúla éadaí atá oiriúnach don trá agus do shaghsanna éagsúla aimsire. Beidh siad in ann ábhair nádúrtha éagsúla in imshaol na farraige a fheiceáil, a bhailiú agus a imscrúdú	

<p><u>Ealaín agus Ceardaíocht</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • Céir-dhíonach (<i>crayon resist</i>) – ainmhí mara a tharraingt agus a dhathú le crián nó pastail agus péint ghorm a chuimilt air • Clár toinne nó culaith shnámha a dhearadh • Ainmhí mara m. sh. smugairle róin a dhéanamh as bruscar 	<p>Crián nó pastail, drithleacht, páipéir, péint ghorm meascaithe le huisce, scuab péintála, spúinse. Cartchláir, crián, dathanna, péint, peann luaidhe daite, buidéal phlaistice, boscaí, ribíní, téip, gliú.</p>	<p>Eolaíocht: Beidh na páistí ag grúpáil ábhair de réir critéir áirithe, ag déanamh cur síos ar ábhair agus á gcur i gcomparáid lena chéile, agus difríochtaí datha, crutha agus uigeachta a thabhairt faoi deara. Beidh na páistí ag úsáid na gcéadfaí ar fad (tadhall, boladh, radharc, blas, éisteacht) chun eolas a chur ar imshaol na farraige.</p> <p>Na hAmharcealaíona: Beidh na páistí ag déanamh struchtúir shamhlaíocha. Beidh said ag triail leis na torthaí ab fhéidir a bhaint amach trí phriontáil le seilidí, cleití, feamainn srl. Beidh na páistí ag úsáid líníochta agus datha chun mothúcháin a thabharfadh sé/sí chun cuimhne, eispéiris, scéalta agus rudaí samhlaíthe a léiriú.</p>	
<p><u>Cluichí agus Míreanna Mearaí</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cluiche meaitseála nó <i>Snap!</i> • Cluiche "Feicim le mo Shúilín" • Míreanna Mearaí leis an téama cois na trá 	<p>Cártaí pictiúr, cártaí focal, cluiche "Feicim le mo Shúilín," míreanna mearaí</p>	<p>Drámaíocht: An ceangal atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú. Féith an tsúgartha trí chur i gcéill a fhorbairt chun go ndéanfaí drámaíocht di. Beidh an páiste ag comhoibriú agus ag déanamh cumarsáide i ndéanamh drámaíochta.</p>	